

An
Coimisiún
Pleanála

Ordú ón gCoimisiún
Commission Order
ABP-322725-25

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú
Planning and Development Act 2000, as amended

Údarás Pleanála: Comhairle Contae Chiarraí
Planning Authority: Kerry County Council

Uimhir Thagartha ar an gClár Pleanála: 24/60764
Planning Register Reference Number: 24/60764

Achomharc ó Irene Flannery, Ard na Gréine, Daingean Uí Chúis, Contae Chiarraí, in aghaidh an chinnidh a rinne Comhairle Contae Chiarraí an 12^ú lá de mhí na Bealtaine 2025 cead a dheonú, faoi réir coinníollacha, do Social Housing Company, an tSráid Mhór Uachtarach, Daingean Uí Chúis, Contae Chiarraí, i gcomhréir le pleananna agus sonraí a taisceadh leis an gComhairle sin.

Forbairt Bheartaithe: 69 n-aonad cónaithe a thógáil ina mbeidh tithíocht leathscoite dhá stór agus tithíocht sraithe dhá stór. Chomh maith leis sin, déanfaidh an fhorbairt socrú do spásanna coiteanna páirceála carranna do chónaitheoirí agus cuairteoirí, do limistéir ghlasa oscailte, d'imfháluithe coiteanna araidí dramhaíola, agus do bhánna coiteanna páirceála rothar. Déanfaidh sí socrú freisin do gach aonad a nascadh le seirbhísí poiblí agus go ndéanfar na hoibreacha láithreáin gaolmhara uile, agus iad go léir suite ar an nGróbh, Daingean Uí Chúis, Contae Chiarraí, mar a athbhreithníodh leis

M/91

na fógraí poiblí breise a fuair an t-údarás pleanála an 29^ú lá de mhí Eanáir 2025, ar fógraí iad lenar méadaíodh an fhorbairt bheartaithe go 72 aonad cónaithe.

Cinneadh

Cead a DHEONÚ don fhorbairt bheartaithe thuas i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí luaite, bunaithe ar na cúiseanna agus na cúinsí faoi bhun agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.

Cúiseanna agus Cúinsí

Ag féachaint do chineál, scála agus láthair na forbartha beartaithe, meastar, faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh, go mbeadh an fhorbairt bheartaithe ag teacht le cuspóirí iomchuí agus forálacha eile Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028 agus Phlean Limistéir Áitiúil Thoghlímistéar Chorca Dhuibhne 2021-2027 araon, go mbainfeadh sí úsáid éifeachtúil as láithreán atá críosaithe go cuí i nDaingean Uí Chúis, go mbeadh sí inghlactha ó thaobh deartha uirbigh agus leagan amach láithreáin de, go mbeadh sí inghlactha ó thaobh sábháilteacht coisithe agus tráchta de, nach ndéanfaidh sí díobháil thromchúiseach do thaitneamhachtaí cónaithe an limistéir, agus go soláthródh sí cineál inghlactha taitneamhachta cónaithe d'áititheoirí amach anseo. Dá bhrí sin, bheadh an fhorbairt bheartaithe i gcomhréir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

Coinníollacha

1. Déanfar an fhorbairt bheartaithe agus críochnófar í i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh in éineacht leis an iarratas, mar a leasaíodh leis na pleananna agus na sonraí breise a fuair an t-údarás pleanála an 16^ú lá de mhí Eanáir 2025 agus an 15^ú lá de mhí Aibreáin 2025, seachas de réir mar is gá ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh. I gcás go gceanglófar leis na coinníollacha sin go gcomhaontófaí mionsonraí leis an údarás pleanála, comhaontóidh an forbróir mionsonraí den sórt sin i scríbhinn leis an údarás pleanála sula dtosófar an fhorbairt bheartaithe, agus déanfar an fhorbairt agus críochnófar í i gcomhréir leis na sonraí comhaontaithe.

Cúis: Ar mhaithe le soiléire.

2. Leasófar an fhorbairt bheartaithe mar a leanas:
 - (a) Soláthrófar cosán/raon rothar laistigh den limistéar spáis oscailte ar an taobh thuaidh d'uimhir láithreáin 52, agus tógfar é suas go teorainn an láithreáin chun rochtain gan bhac a sholáthar ar thailte tadhlacha, lena n-áireofar aon déanmhas a chur in airde a bheadh ina fhorbairt dhíolmhaithe ar shlí eile faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú.

Cuirfear líníochtaí athbhreithnithe lena léirítear comhlíonadh an cheanglais sin faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt.

Cúis: Ar mhaithe le tréscaoilteacht agus taitneamhacht cónaithe agus ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

3. Soláthróidh an forbróir an cosán/raon rothar ón láithreán go Pobalscoil Chorca Dhuibhne, ach amháin i gcás go léireofar chun sástacht an údaráis pleanála nach féidir é sin a dhéanamh.

Cúis: Ar mhaithe le tréscaoilteacht agus taitneamhacht cónaithe agus ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

4. (a) Is mar phríomháiteanna cónaithe buana ó cheann ceann na bliana ar fad a úsáidfear na tithe beartaithe.
- (b) Ní úsáidfear na tithe beartaithe mar thithe saoire ná mar áiteanna cónaithe tánaisteacha.

Cúis: Chun Cuspóir D-RES-2 de Phlean Limistéir Áitiúil Thoghlímistéar Chorca Dhuibhne 2021-2027 a chomhlíonadh.

5. Sula dtosófar an fhorbairt, déanfaidh an forbróir comhaontú alt 47 leis an údarás pleanála chun díol na coda comhaontaithe de na haonaid chónaithe den fhorbairt a cheadaítear leis seo a theorannú dá n-úsáid ag áititheoirí a bhfuil inniúlacht/líofacht chuí acu i nGaeilge. Leis an gcomhaontú, déanfar socrú do na nithe seo a leanas:

Déanfar 66% ar a laghad de na haonaid chónaithe a cheadaítear leis seo a theorannú dá n-úsáid acu sin ar féidir leo a léiriú go bhfuil cumas acu teanga agus cultúr na Gaeltachta a chaomhnú agus a chosaint. Beidh feidhm ag an teorannú sin ar feadh tréimhse 15 bliana ó dháta na chéad áitiúchta.

Is í Comhairle Contae Chiarraí a chinnefidh agus a mheasúnóidh an caighdeán cuí inniúlachta/líofachta i nGaeilge a theastaíonn chun comhlíonadh an chlásail áitiúchta seo a léiriú, agus is le ceann an teaghlaigh a bhainfidh sé. Beidh feidhm ag an teorannú maidir le teaghlaigh a áiteoidh na haonaid chónaithe seo, cibé acu mar úinéirí, mar shealbhóirí léasa nó mar thionóntaí.

Cúis: Chun a chinntiú go n-úsáidfear na haonaid tithíochta bheartaithe chun ceanglais an údaráis pleanála a chomhlíonadh, lena n-áirítear KCDP 8-8, agus go mbeidh forbairt sa limistéar seo teoranta go cuí chun teanga agus cultúr na Gaeltachta a chaomhnú agus a chosaint ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

6. D'ainneoin na bhforálacha de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, ní úsáidfear aon chuid d'aon teach a cheadaítear ar an láithreán chun críche aoí-chóiríochta tráchtála thar oíche gan cead pleanála a bheith deonaithe roimh ré.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe agus ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

7. Cuirfear mionsonraí faoi ábhair, dathanna agus uigeacht na mbailchríoch seachtrach uile ar an bhforbairt bheartaithe faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht amhairc agus chun caighdeán cuí forbartha a chinntiú.

8. (a) Maidir leis an ngréasán inmheánach bóithre lena bhfreastalófar ar an bhforbairt bheartaithe, lena n-áireofar bána casta, acomhail, limistéir pháirceála, cosáin, agus colbhaí, agus maidir leis an acomhal beartaithe leis an mbóthar eastáit atá ann cheana, comhlíonfaidh siad caighdeáin mhionsonraithe tógála an údaráis pleanála le haghaidh oibreacha den sórt sin agus na caighdeáin deartha atá leagtha amach sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha.

- (b) Déanfar cosáin a leacú ag aomhail bóithre i gcomhréir le ceanglais an údaráis pleanála. Cuirfear mionsonraí faoi gach láthair agus ábhar atá le húsáid faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht agus ar mhaithe le sábháilteacht tráchta agus coisithe.

9. (a) Soláthrófar spásanna páirceála carranna don fhorbairt bheartaithe i gcomhréir le leagan amach mionsonraithe páirceála, rud a chuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála, agus a chomhaontófar i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Déanfaidh an leagan amach socrú do 144 spás páirceála carranna ar a mhéad, móide aon bhánna a shannfar lena n-úsáid ag club cairr, stáisiúin ainmnithe luchtaithe gearrghanachta d'fheithiclí leictreacha ar an tsráid, nó spásanna páirceála inrochtana. Cinnteoidh an leagan amach páirceála carranna go mbeidh spás páirceála amháin ar a laghad curtha in áirithe do gach teach.
- (b) Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta Carrchlóis, lena n-áireofar mionsonraí faoi dhearadh agus bainistíocht na spásanna páirceála carranna, faoi bhráid an údaráis pleanála lena chomhaontú i scríbhinn aige sula dtosófar an fhorbairt.
- (c) Soláthrófar pointí feidhmiúla luchtaithe feithiclí leictreacha d'aon limistéir chomhchoiteanna pháirceála a bheidh ag freastal ar na haonaid chónaithe bheartaithe, agus soláthrófar naisc leictreacha do na spásanna páirceála carranna uile laistigh den chúirtealáiste a bheidh ag freastal ar aonaid chónaithe ionas go mbeifear in ann pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar amach anseo, agus beidh na naisc sin suite ar an taobh amuigh den teach. Cuirfear mionsonraí faoi conas a chomhlíonfar na ceanglais sin faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt.

- (d) Soláthrófar spásanna sábháilte slána páirceála rothar laistigh de chúirtealáiste gach láithreáin tí le haghaidh tithe lárshraithe. I gcás nach féidir iad sin a sholáthar do thithe lárshraithe, soláthrófar spásanna sábháilte slána páirceála rothar ag ráta de spás amháin in aghaidh an tseomra leapa i láthair áisiúil i ngar don teach iomchuí/na tithe iomchuí. Déanfar socrú do mheascán de chineálacha rothar. Cuirfear mionsonraí faoi na saoraidí stórála rothar sin faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt.
- (e) Soláthrófar pointí luchtaithe leictirigh ag láthair inrochtana le haghaidh rothair/scútair/scútair shoghluaisteachta a luchtú. Cuirfear mionsonraí faoi sin faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt.

Cúis: Ar mhaithe le hiompar inbhuanaithe, ar mhaithe le sábháilteacht, agus chun a chinntiú go mbeidh soláthar leordhóthanach páirceála ar fáil chun freastal ar an bhforbairt bheartaithe.

10. Déanfar an fhorbairt bheartaithe de réir a chéile, i gcomhréir le scéim céimnithe, rud a chuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála, agus a chomhaontófar i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Sula dtosófar an fhorbairt ar an láithreán foriomlán, cuirfear mionsonraí faoin gcéad chéim faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis.

Cúis: Chun soláthar tráthúil seirbhísí a chinntiú, chun tairbhe d'áititheoirí na dteaghaisí beartaithe.

11. Cuirfear tograí le haghaidh ainm eastáit, le haghaidh scéim uimhriúcháin tithe agus le haghaidh comharthaí gaolmhara faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Ina dhiaidh sin, soláthrófar gach comhartha eastáit agus sráide agus gach uimhir thí i gcomhréir leis an scéim chomhaontaithe. Beidh an t-ainm beartaithe/na hainmneacha beartaithe bunaithe ar ghnéithe stairiúla nó topagrafacha áitiúla nó ar roghanna eile a bheidh inghlactha ag an údarás pleanála. Ní dhéanfar aon fhógraí ná aon chomharthaí margaíochta a bhaineann le hainm na forbartha a chur suas go dtí go mbeidh comhaontú i scríbhinn faighte ag an bhforbróir ón údarás pleanála i leith an ainm bheartaithe nó na n-ainmneacha beartaithe.

Cúis: Ar mhaithe le hinléiteacht uirbeach.

12. Comhlíonfaidh maolú agus diúscairt uisce dromchla ceanglais an údaráis pleanála le haghaidh oibreacha agus seirbhísí den sórt sin. Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfidh an forbróir mionsonraí faoi conas a dhiúscrófar uisce dromchla ón láithreán isteach lena gcomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála.

Cúis: Ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí.

13. Sula dtosófar an fhorbairt, déanfaidh an forbróir comhaontú/comhaontuithe um nasc le hUisce Éireann chun socrú a dhéanamh do nasc seirbhíse/naisc sheirbhíse leis an soláthar uisce poiblí agus leis an líonra bailiúcháin fuíolluisce.

Cúis: Ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí agus chun saoráidí leordhóthanacha uisce/fuíolluisce a chinntiú.

14. Soláthrófar soilsiú poiblí i gcomhréir le scéim, rud a chuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála, agus a chomhaontófar i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Áireofar leis an scéim soilsiú feadh bealaí coisithe trí spásanna oscailte. Soláthrófar soilsiú den sórt sin sula gcuirfear aon aonad cónaithe ar fáil lena áitiú sa chéim sin.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht agus sábháilteacht an phobail.

15. Beidh gach cábla seirbhíse a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe (amhail cáblaí leictreacha, cáblaí teileachumarsáide agus cáblaí comhchoiteanna teilifíse) lonnaithe faoi thalamh. Soláthróidh an forbróir duchtú ionas gur féidir bonneagar leathanbhanda a sholáthar laistigh den fhorbairt bheartaithe. Déanfar gach cábla láithreach os cionn talún a athlonnú faoi thalamh mar chuid de na hoibreacha forbartha láithreáin.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht amhairc agus cónaithe.

16. Déanfar an scéim tírdhreachaithe atá léirithe ar uimhreacha líníochta SHC/01/125 REV E, SHC/01/141 REV E, agus SHC/01/142 REV E, a chur i gcrích laistigh den chéad séasúr cuir tar éis oibreacha tógála seachtracha a chríochnú go substaintiúil. I dteannta na dtograí atá sa scéim a cuireadh isteach, soláthrófar speicis crann aibí, chun sástacht an údaráis pleanála, feadh na dteorainneacha cúil d'uimhreacha láithreáin 62 go 68 chun ingearchlónna cúil na dtithe sin a sciathú. Déanfar na plandaí ar fad a chosaint go leordhóthanach ar dhamáiste go dtí go mbunófar iad. Aon phlandaí a éagfaidh, a bhainfear nó a thiocfaidh chun bheith an-damáistithe nó an-ghalrach laistigh de thréimhse cúig bliana ón bhforbairt a chríochnú, nó go dtí go nglacfaidh an t-údarás pleanála an fhorbairt faoi chúram, cibé acu is túisce, cuirfear ina n-ionad plandaí eile de mhéid chomhchosúil nó de speiceas comhchosúil laistigh den chéad séasúr cuir eile, ach amháin i gcás go

gcomhaontófar a mhalairt i scríbhinn leis an údarás pleanála.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe agus amhairc.

17. Maidir le hoibreacha forbartha agus tógála láithreáin, ní dhéanfar iad ach amháin idir 0700 agus 1900 ón Luan go dtí an Aoine, agus an dá lá sin san áireamh, agus idir 0800 agus 1400 ar an Satharn, agus ní dhéanfar aon oibreacha ar bith ar an Domhnach ná ar laethanta saoire poiblí. Ní cheadófar aon imeacht ó na hamanna sin ach amháin in imthosca eisceachtúla ina bhfuarthas réamhcheadú i scríbhinn ón údarás pleanála.

Cúis: Chun taitneamhachtaí cónaithe na réadmhaoine sa chomharsanacht a choimirciú.

18. Bainisteofar tógáil na forbartha beartaithe i gcomhréir le Plean Bainistíochta Tógála, rud a chuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála, agus a chomhaontófar i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Soláthrófar sa phlean sin mionsonraí faoin gcleachtas beartaithe tógála don fhorbairt bheartaithe, lena n-áireofar na nithe seo a leanas:
- (a) láthair an láithreáin agus an chompúin/na gcompún ábhar, lena n-áireofar an limistéar/na limistéir atá sainaitheanta le haghaidh dramhaíl tógála a stóráil;
 - (b) láthair na limistéar le haghaidh oifigí láithreáin tógála agus saoraidí foirne;
 - (c) mionsonraí faoi fhálta agus ballaí clár slándála ar an láithreán;
 - (d) mionsonraí faoi shaoraidí páirceála carranna ar an láithreán d'oibrithe láithreáin le linn na tógála;
 - (e) mionsonraí faoi uainiú agus ródú an tráchta tógála isteach sa láithreán tógála agus amach as agus faoi threochoimharthaí

gaolmhara, lena n-áireofar tograí le haghaidh seachadadh ualaí neamhghnácha chuig an láithreán a éascú;

- (f) bearta chun teacht roimh chiúáil tráchta tógála ar an ngréasán tadhlach bóithre;
- (g) bearta chun doirteadh nó sil-leagan cré, spallaí nó smionagair eile a chosc ar an ngréasán bóithre poiblí;
- (h) mionsonraí faoi bhearta cuí le haghaidh torann, deannach agus tonnchrith a mhaolú agus le haghaidh faireachán a dhéanamh ar leibhéil torainn, deannaigh agus tonnchreatha;
- (i) an dóigh a ndéanfar an breosla agus an ola ar fad a bhaineann leis an tógáil a shrianadh laistigh de bhundáí saintógtha chun a chinntiú gur lánsrianta a bheidh aon doirteadh breosla. Beidh díon ar bhundáí den sórt sin chun uisce báistí a choinneáil amach;
- (j) an dóigh a ndiúscrófar dramhaíl tógála/scartála lasmuigh den láithreán, agus mionsonraí faoin dóigh a mbainisteofar ithir thochailte; agus
- (k) na modhanna chun a chinntiú go rialófar rith uisce dromchla chun srutha ionas nach rachaidh aon siolta ná truailleáin eile isteach i séaraigh nó draenacha áitiúla uisce dromchla.

Cuirfear taifead á léiriú go mbíonn seiceálacha laethúla á ndéanamh i gcomhréir leis an bPlean Bainistíochta Tógála ar fáil lena iniúchadh ag an údarás pleanála.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhachtaí, leis an tsláinte phoiblí agus sábháilteacht an phobail, agus le cosaint an chomhshaoil.

19. Sula dtosófar an fhorbairt, ullmhóidh an forbróir, nó aon ghníomhaire a bheidh ag gníomhú thar a cheann, Plean Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola, mar atá leagtha amach sna Treoirínte Dea-Chleachtais ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Pleananna

Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála (2021), ar Plean é ina léireofar an dóigh a gcloíonn na tograí leis an dea-chleachtas agus le prótacail. Áireofar leis an bPlean Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola tograí sonracha maidir le conas a thomhaisfear éifeachtacht an Phlean agus conas a dhéanfar faireachán ar an éifeachtacht sin; cuirfear na mionsonraí sin ar an gcomhad agus coinneofar iad mar chuid den taifead poiblí. Cuirfear an Plean Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola faoi bhráid an údaráis pleanála lena chomhaontú i scríbhinn aige sula dtosófar an fhorbairt. Cuirfear na taifid uile (lena n-áireofar taifid a bhaineann le dramhaíl agus leis na hacmhainní uile) de bhun an Phlean chomhaontaithe Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola ar fáil lena n-iniúchadh ag an oifig láithreáin i gcónaí.

Cúis: Ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe.

20. (a) Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar i scríbhinn leis, plean ina mbeidh mionsonraí faoin dóigh a mbainisteofar dramhaíl (agus, go háirithe, ábhair in-athchúrsáilte) laistigh den fhorbairt, lena n-áireofar mionsonraí faoi shaoráidí a sholáthar le haghaidh dramhaíl agus, go háirithe, ábhair in-athchúrsáilte a stóráil, a scaradh agus a bhailiú. Ina dhiaidh sin, bainisteofar dramhaíl i gcomhréir leis an bplean comhaontaithe.
- (b) Déanfar socrú leis an bplean sin do stórais araidí sciata, ina mbeidh spás do líon nach lú ná trí araid rothaí de mhéid chaighdeánach ar a laghad laistigh de chúirtealáiste gach ceapaí tí nó do cibé líon a chomhaontófar leis an údarás pleanála.

Cúis: Chun socrú a dhéanamh do bhainistíocht chuí dramhaíola agus, go háirithe, do bhainistíocht chuí ábhar in-athchúrsáilte, ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint.

21. (a) Fostóidh an forbróir seandálaí atá cáilithe go cuí (atá ceadúnaithe agus incháilithe) chun faireachán a dhéanamh (agus é/i ceadúnaithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta) ar na hoibreacha glantacháin láithreáin, an bhaint barrithreach agus na hoibreacha talún ar fad a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe. Sula dtosóidh sé/sí oibreacha den sórt sin, rachaidh an seandálaí i gcomhairle le seandálaí an údaráis pleanála nó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, de réir mar is cuí, agus cuirfidh sé/sí ráiteas modha ar aghaidh chuig an seandálaí sin lena chomhaontú i scríbhinn aige/aici. Beidh sé riachtanach uirlisí cuí agus/nó innealra cuí a úsáid chun a chinntiú go ndéanfar aon iarsmaí seandálaíochta a bheidh fágtha a chaomhnú agus a thaifeadadh. Más rud é go sainaithneofar iarsmaí seandálaíochta le linn an fhaireacháin seandálaíochta, scoirfear de na hoibreacha uile sa limistéar is díol spéise ó thaobh seandálaíochta ar feitheamh cinneadh ón údarás pleanála maidir le maolú cuí (caomhnú in situ/tochailt), ar cinneadh é a dhéanfar i gcomhairle le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.
- (b) Cabhróidh an forbróir leis an seandálaí aon iarsmaí a shainaithneofar a thaifeadadh. Comhlíonfaidh an forbróir aon cheanglais eile maolaithe seandálaíochta a shonróidh an t-údarás pleanála tar éis dul i gcomhairle le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.
- (c) Tar éis an obair seandálaíochta ar fad a chríochnú ar an láithreán, agus tar éis aon sainanailís riachtanach iarthochailte a chríochnú, tabharfar tuarascáil seandálaíochta deiridh don údarás pleanála agus do Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ina dtabharfar tuairisc ar thorthaí an fhaireacháin agus aon oibre/tochailte imscrúdaithe seandálaíochta a bhí ag teastáil ina dhiaidh sin. Is é an forbróir a íocfaidh na costais seandálaíochta iarmhartacha agus ghaolmhara uile.

Cúis: Chun caomhantas leantach áiteanna, uaimheanna, láithreán, gnéithe nó rudaí eile is díol spéise ó thaobh seandálaíochta a chinntiú, cibé acu in situ nó trí thaifead.

22. Is í cuideachta bainistíochta atá bunaithe go dleathach, nó an t-údarás pleanála, i gcás go nglacfar an fhorbairt faoi chúram, a bheidh freagrach as an bhforbairt bheartaithe a bhainistiú agus a chothabháil tar éis í a chríochnú. Cuirfear tograí mionsonraithe faoi sin faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt.

Cúis: Chun a chinntiú go ndéanfar an fhorbairt a chríochnú agus a chothabháil go sásúil.

23. Sula dtosófar an fhorbairt, déanfaidh an t-iarratasóir nó duine eile a bhfuil leas aige nó aici sa talamh lena mbaineann an t-iarratas comhaontú i scríbhinn leis an údarás pleanála i ndáil le tithíocht a sholáthar i gcomhréir le ceanglais alt 94(4) agus alt 96(2) agus 96(3)(b) (Cuid V) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ach amháin i gcás gur deonaíodh deimhniú díolúine faoi alt 97 den Acht, arna leasú. I gcás nach féidir teacht ar chomhaontú den sórt idir na páirtithe, déanfaidh an t-údarás pleanála nó aon pháirtí ionchasach eile sa chomhaontú an ní atá faoi dhíospóid (seachas ní a bhfuil feidhm ag alt 96(7) maidir leis) a tharchur chuig an gCoimisiún Pleanála lena chinneadh aige.

Cúis: Chun ceanglais Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus ceanglais na straitéise tithíochta sa phlean forbartha don limistéar a chomhlíonadh.



24. (a) Sula dtosófar an fhorbairt, mar atá ceadaithe, déanfaidh an t-iarratasóir nó aon duine a bhfuil leas aige nó aici sa talamh comhaontú leis an údarás pleanála (ar comhaontú é nach mór uimhir agus láthair gach aonaid tí a bheith sonraithe ann) de bhun alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, lena dteorannófar na haonaid chónaithe iomchuí cheadaithe uile dá n-áitiú ag ceannaitheoirí aonair ar dtús, is é sin le rá, iad sin nach eintiteas corparáideach iad, agus/nó acu sin atá incháilithe le haghaidh tithíocht shóisialta agus/nó inacmhainne a áitiú, lena n-áirítear tithíocht ar cíós de réir costais.
- (b) Maidir le comhaontú a rinneadh de bhun alt 47, beidh feidhm aige ar feadh thréimhse an cheada pleanála, ach amháin i gcás, tar éis tréimhse nach lú ná dhá bhliain ó dháta críochnaithe gach aonaid tithíochta shonraithe, go léireofar é chun sástacht an údaráis pleanála nach rabhthas in ann gach ceann de na haonaid chónaithe a dhíol lena úsáid ag ceannaitheoirí aonair agus/nó acu sin atá incháilithe le haghaidh tithíocht shóisialta agus/nó inacmhainne a áitiú, lena n-áirítear tithíocht ar cíós de réir costais.
- (c) Beidh an cinneadh ón údarás pleanála a cheanglaítear i mír (b) faoi réir fianaise dhoiciméadach shásúil a bheith faighte ag an údarás pleanála agus ag an údarás tithíochta ón iarratasóir nó ó aon duine a bhfuil leas aige nó aici sa talamh maidir le díol agus margú na n-aonad tithíochta sonraithe. Sa chás sin, deimhneoidh an t-údarás pleanála i scríbhinn don iarratasóir nó d'aon duine a bhfuil leas aige nó aici sa talamh gur foirceannadh an comhaontú a rinneadh faoi alt 47 agus gur comhlíonadh ceanglas an choinníll pleanála sin i leith gach aonaid tithíochta shonraithe.


Cúis: Chun forbairt tithíochta nua a theorannú dá húsáid ag daoine d'aicme nó de thuairisc ar leith chun rogha agus soláthar leordhóthanach tithíochta, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne, a chinntiú ar mhaithe le leas an phobail.

25. Sula dtosófar an fhorbairt, taiscfidh an forbróir leis an údarás pleanála taisce airgid, banna de chuid cuideachta árachais nó urrús eile chun a áirithiú go soláthrófar bóithre, cosáin, príomhlíonra uisce, draenacha, spás oscailte poiblí agus seirbhísí eile a cheanglaítear i ndáil leis an bhforbairt agus go ndéanfar iad a chríochnú agus a chothabháil go sásúil go dtí go nglacfaidh an t-údarás pleanála faoi chúram iad, mar aon le comhaontú lena dtabharfar de chumhacht don údarás pleanála urrús den sórt sin nó cuid de a úsáid chun aon chuid den fhorbairt a chríochnú nó a chothabháil go sásúil. Comhaontófar foirm agus méid an urrúis idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an gCoimisiún Pleanála lena chinneadh.

Cúis: Chun a chinntiú go ndéanfar an fhorbairt a chríochnú agus a chothabháil go sásúil go dtí go nglacfar faoi chúram í.

26. Íocfaidh an forbróir leis an údarás pleanála ranníocaíocht airgeadais i leith bonneagar agus saoráidí poiblí a rachaidh chun tairbhe d'fhorbairt i limistéir an údaráis pleanála, ar nithe iad a sholáthróidh an t-údarás nó a sholáthrófar thar a cheann, nó a bhfuil sé beartaithe ag an údarás iad a sholáthar nó a bhfuil sé beartaithe iad a sholáthar thar a cheann, i gcomhréir le téarmaí na Scéime Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Déanfar an ranníocaíocht sula dtosófar an fhorbairt nó trí cibé íocaíochtaí céimnithe a éascóidh an t-údarás pleanála, agus beidh sí faoi réir aon fhorálacha innéacsaithe is infheidhme den Scéim tráth na híocaíochta. Comhaontófar mionsonraí chur i bhfeidhm na Scéime idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an gCoimisiún Pleanála chun cur i bhfeidhm cuí théarmaí na Scéime a chinneadh.

Cúis: Ceanglaítear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, go ndéanfaí coinníoll lena gceanglaítear ranníocaíocht i gcomhréir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht a chur i bhfeidhm i leith an cheada.



MLP

Appeal by Irene Flannery of Ard na Greine, Dingle, County Kerry against the decision made on the 12th day of May, 2025 by Kerry County Council to grant, subject to conditions, a permission to Social Housing Company of Upper Main Street, Dingle, County Kerry in accordance with plans and particulars lodged with the said Council.

Proposed Development: Construction of 69 residential units comprising of two-storey semi-detached and two-storey terraced housing. The development will also make provision for common car parking for residents and visitors, open green areas, common waste bin amenity enclosures, and common bicycle parking bays, all units to be connected to public services and also to include all associated site works, all at Grove, Dingle, County Kerry, as revised by the further public notices received by the planning authority on the 29th day of January, 2025, increasing the proposed development to 72 residential units.

Decision

